A Chómhúinteoir, a chara,

Beannachtaí ó Fhoireann Ghaeilge Iar-bhunscoile an GhaelAonaid agus fáilte ar ais ar scoil! Tá Meán Fómhair buailte linn agus níl aon amhras ach go bhfuil cuma an fhómhair ag teacht ar an tír ó thalamh. Tá súil againn go bhfuil tú ag tnúth le tús a chur le téarma nua scoile. Go n-éirí go geal leat agus tú ag tosú ar bhliain nua acadúil.



## Teacht an Fhómhair

‘Titim agus fás
Ní bás ach athfhás
Fuinneamh i ngach leoithne’

**Liam Ó Maonlaí & Clare Sands**

## Dáta Don Dialann: An Tionól Teagaisc

Is cúis áthais d’Oide a fhógairt go mbeidh Tionól Teagaisc 2026 ar siúl ar an 7 Samhain, 2026 in Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7. Beidh an clárú le hoscailt go luath. Is ócáid thar a bheith luachmhar é an Tionól; is deis í chun dea-chleachtais ghairmiúla i gcomhthéacsanna éagsúla a roinnt ar a chéile agus chun plé gairmiúil a bheith againn le múinteoirí eile. Téama na bliana seo ná 'Dearcadh dearfach i leith úsáid na Gaeilge - deiseanna agus féidearthachtaí' agus táimid ag súil go mór leis mar lá. Déan nóta den dáta i do dhialann agus scaip an scéal. Bí inár measc!

**Dáta:** 7 Samhain 2026

**Ionad:** Óstán Killeshin,
Port Laoise,
Co. Laoise,
R32 TYW7.



## Eispéiris Foghlama Gairmiúla 2026/2027

Cuirfear tús le soláthar EFGanna Gaeilge 2026/2027 d'iarbhunscoileanna ag deireadh mhí Mheán Fómhair. San EFG seo, féachfar ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana. Beidh deis ag múinteoirí dea-chleachtais a roinnt ar a chéile agus a gcleachtas ionchuimsitheach féin a fhorbairt maidir le teagasc, le foghlaim agus le measúnú na Gaeilge. Táimid ag súil go mór le bualadh libh i mbliana a mhúinteoirí.

## Bláthú Teanga í a Léamh

Cuirfear an tsraith d'eispéiris foghlama gairmiúla, Bláthú Teanga í a Léamh, ar fáil arís i mbliana ar an ábhar dualgais do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta. Cuirfear Bláthú Teanga 1 - 6 ar fáil an tseachtain dar tús an Luan, 21 Meán Fómhair.

Sa tsraith seo, déanfar iniúchadh ar na bealaí ar féidir an litríocht a úsáid mar acmhainn le scileanna teanga scoláirí a fhorbairt. Pléifear cleachtais ionchuimsitheacha agus na straitéisí comhoibríocha chun freastal ar na foghlaimeoirí Gaeilge. Cláraigh ag an nasc anseo.




| Teideal an EFG | Dáta agus Am |
|---|---|
| 1. Cócó agus Deireadh na Feide | Dé Luain 21 Meán Fómhair 16:30 - 17:30 |
| 2. Eoinín na nÉan agus Dínit an Bhróin | Dé Luain 21 Meán Fómhair 18:30 - 19:30 |
| 3. Glaoch Abhaile | Dé Máirt 22 Meán Fómhair 16.30 - 17.30 |
| 4. Clann Lir | Dé Máirt 22 Meán Fómhair 18.30 - 19.30 |
| 5. An Féileacán agus an Crann Úll | Dé Céadaoin 23 Meán Fómhair 16:30 - 17:30 |
| 6. Athair | Dé Céadaoin 23 Meán Fómhair 18.30 - 19.30 |

Bheadh sé fiúntach an t-ábhar dualgais a iniúchadh roimh ré

https://dms.oide.ie/event/public

## Gaeilge sa tSraith Shinsearach - Tráinse a 4

Mar chuid den athfhorbairt ar an ardteistiméireacht, táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm i scoileanna é i Meán Fómhair 2028. Tá ról lárnach ag Meitheal Forbartha Gaeilge na hArdteistiméireachta san obair seo. Is féidir eolas a fháil ar an obair forbartha ábhair agus an próiseas a fheiceáil anseo.

## Gaeilge sa tSraith Shóisearach

Foilsíodh i mí Bealtaine ciorclán 0062/2026 'Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt faoi leith don scoilbhliain 2026/2027.' Tá eolas ann maidir leis na coigeartuithe measúnaithe a deimhníodh i mí na Samhna 2025 agus na measúnuithe rangbhunaithe. Is féidir an ciorclán a léamh anseo.

## Club Leabhar na Gaeilge
## 'Léigh Leat, Leabhar Linn'

Ar an 16 Samhain 2026, reáchtálfar an chéad seimineár den tsraith 'Club Leabhar na Gaeilge' de chuid an GhaelAonaid ina bhféachfar ar na féidearthachtaí a bhaineann le Club Leabhar na Gaeilge a bhunú do mhúinteoirí iar-bhunscoile sa chomhthéacs T1 agus T2. Féachfar ar conas club leabhar a bhunú, a struchturú agus a chothabháil, ar bhealaí praiticiúla le suim agus muinín foghlaimeoirí sa léamh a chothú, agus an léamh ar son taitnimh agus tuisceana a chur chun cinn. Sraith de thrí EFG a bheidh ann ar an iomlán. Is féidir clárú anseo.





Ar an 16 Samhain 2026, reáchtálfar an chéad

## Gairmeacha le Gaeilge

Tá an acmhainn - Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge, leagan eagrán 2026-7 (leagan Gaeilge agus Béarla.) - ar fáil anois saor in aisce ó COGG.

Pacáiste ilmheáin le bileoga gairmeacha a léiríonn na deiseanna Gaeilge a úsáid tar éis na scolaíochta. Deiseanna tríú leibhéal, breis oideachais, scoláireachtaí, scéimeanna cónaithe agus saol sóisialta iontach má leantar le Gaeilge tar éis na scoile!





## Fóram Feasa Beo

Reáchtálfar Fóram Feasa Beo ar an 19 Meán Fómhair i gColáiste Chois Life, Baile Átha Cliath. Ócáid spreagúil, idirghníomhach a bheidh ann atá á heagrú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ/ETBI) agus ag COGG. Téama an lae - Buanna agus duanna na hintleachta saorga don teagasc agus d'fhoghlaim trí Ghaeilge.



## Dialann Phleanála




Tá leagan úrnua den Dialann Phleanála ar fáil anois. Forbraíodh an dialann seo mar acmhainn FCÁT chun tacú le múinteoirí na moltaí dea-chleachtais, mar a léirítear sa taighde reatha iad, a chur i bhfeidhm ina seomra ranga. Tá tuilleadh eolais anseo.

## Ar Aghaidh Linn




Is acmhainn iomlán nua í seo ó COGG do scoláirí na chéad bhliana sa chomhthéacs T1. Tugtar blaiseadh ann de thopaicí éagsúla lena n-áirítear an socrú isteach, amchlár, eagrúchán, rialacha, nósanna scoile agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim. Pléitear freisin mothúcháin, cuimhní ar an mbunscoil, agus spriocanna pearsanta don bhliain amach roimh na scoláirí.


## Sainseisiún Ghaeilge

Leanfar ar aghaidh ag tacú le hiar-bhunscoileanna trí sheisiún ionscoile ar chruinneas na Gaeilge (ó Ghaelchultúr) a chur ar fáil ina gcuid scoileanna féin i rith na bliana. Díreofar sna seisiúin ar an gcruinneas Gaeilge atá riachtanach do chur chun cinn na scoile, an Ghaeilge agus an Teicneolaíocht agus an Phleanáil agus Riarachán Scoile. Tuilleadh eolais anseo.



## Cúrsa Gaeilge Gaelchultúr

Cúrsa deich seachtaine é an cúrsa Gaeilge seo atá oiriúnach do mhúinteoirí iar-bhunscoile sna Gaelcholáistí agus sna scoileanna Gaeltachta. Is é sprioc an chúrsa cabhrú leis na rannpháirtithe Gaeilge chruinn agus an stór focal riachtanach a fhoghlaim. Tá an cúrsa Gaeilge á chur ar fáil i gcomhar le Gaelchultúr.






### Nath na Míosa

‘Seal den fhómhar buí’

**Máirtín ó Díreáin**

Go n-éirí go geal leat agus tú ag tosnú ar bhliain nua acadúil. Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie. Bí chugainn agus fáilte.

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, GaelAonad, Oide.
*Ní haon ualach í an fhoghlaim*